Coimriú ar

Bhearta Buiséid agus Meastachán

2012

Athruithe Beartais

Coimriú ar Bhearta Buiséid agus Meastachán 2012
Athruithe Beartais

Clár Abhair

	Leath.
Mir I – Bearta Cánachais	**B.5**
Cáin Ioncaim	B.5
Muirear Uilíoch Sóisialach (MUS)	B.5
Faoisimh agus Díolúintí	B.5
Bearta um Faoiseamh Oidhreachta “Maoin-Bhunaithe”	B.5
Dleacht Stampála	B.6
Muirear Teaghlaigh	B.6
Cáin ar Fháltais Chaipitiúla	B.6
Cáin ar Ghnóthachain Caipitiúla	B.7
Liúntas Caipital agus Scéimeanna Dreasachta Cánach	B.7
Cáin ar Choigiltis	B.7
Tobhach Sainchónaithe	B.8
Forfheidhmiú / Comhlionadh	B.8
CBL	B.8
Máil	B.9
Cáin Chorparáideh	B.10
Pinsin	B.11
Cánachas Feirmeoirí	B.12
Mir II – Bearta Meastacháin	**B.14**
An Roinn Coimirce Sóisialaí	B.14
An Roinn Sláinte	B.16
An Roinn Oideachas agus Scileanna	B.18
An Roinn Tálamhaíochta, Bia agus Mara	B.20
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	B.21
An Roinn Cosanta	B.22
An Roinn Comhshaoil Pobail agus Rialtais Áitiúil	B.22
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	B.23
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	B.23
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionnais	B.24
An Roinn Iompar, Turasóireachta agus Spóirt	B.25
Bearta Eile	B.27

Mir I – Bearta Cánachais le tabhairt isteach in 2012

Beart	Teacht Isteach/Costas 2012	Teacht Isteach/Costas Bliain Iomlán
CÁIN IONCAIM		
MUIREAR UILÍOCH SÓISIALACH (MUS) Méadú ar ísealtáirseach díolúine ó €4,004 go €10,036 MUS a athrú chuig córas carnach	 -€34m +€45m	 -€47m +€50m
FAOISIMH AGUS DÍOLÚINTÍ **Sochar Tinnis** Deireadh a chur leis an díolúine cánach de 36 lá i leith socair tinnis **Faoiseamh ar Ús Morgáiste** Méadú de 30% ar Fhaoiseamh ar Ús Morgáiste do cheannaitheoirí céad-uaire a cheannaigh idir 2004 agus 2008 Sínfear na rátaí reatha faoisimh ar Ús Morgáiste chuig ceannaitheoirí céad-uaire agus chuig daoine nach ceannaitheoirí céad-uaire iad in 2012 **Clár Faoisimh do Shannaí Speisialta** Clár Faoisimh do Shannaí Speisialta a thabhairt isteach **Asbhaint ar Thuillimh Eachtracha** Asbhaint ar Thuillimh Eachtracha a thabhairt isteach i leith sanntaí sealadacha do thíortha BRICS.	 +€13m -€52m -€5m -€3m -€1m	 +€13m -€52m -€5m -€5m -€1.5m
BEARTA UM FHAOISEAMH OIDHREACHTA MAOIN-BHUNAITHE Bainfidh na bearta seo leis na scéimeanna éagsúla faoisimh cánach maoin-bhunaithe mar a leanas: **Faoisimh de Chinéal Mhír 23 agus Liúntais Luathaithe Caipitil** Le héifeacht ó 1 Eanáir 2012 tabharfar isteach formhuirear ar dhaoine aonair le hollteacht isteach os cionn €100,000. Bainfidh an formhuirear de réir ráta de 5% ar an méid den ioncam atá cosanta ag faoiseamh maoine in aon bhliain faoi leith.	 +€15m	 +€15m

Bainfidh an formhuirear seo (ráta níos airde de MUS, go bunúsach) le gach infheisteoir leis an leibhéal seo de ollteacht isteach de neamhchead infheistíochta i Scéimeanna Mhír 23 nó i scéimeanna liúntais chaipitil luathaithe. Ní bhaineann na hathruithe seo le faoiseamh do áititheoirí cónaithe ar uinéirí iad. **Liúntais Chaipitil Luathaithe** Ní bheidh infheisteoirí i scéimeanna liúntais chaipitil luathaithe in ann leas a bhaint feasta as aon liúntais chaipitil tar éis réim na scéime áirithe sin nuair a chríochnaíonn an réim cánach tar éis 1 Eanáir 2015	-	+€25m (ó 2015)
DLEACHT STAMPÁLA **Aistriú ar mhaoin neamhchónaithe** Ilrátaí Dleacht Stampála a dhíothú i leith maoin neamhchónaithe agus ráta amháin de 2% a chur ina n-áit i leith ionstraimí a feidhmíodh ar 6 Nollaig 2011 nó ina dhiaidh sin.	-€64m	-€64m
Faoiseamh gaoil ar aistrithe maoine neamhchónaithe le coinneáil i leith aistrithe idir-theaghlaigh go dtí deireadh 2014. Le díothú tar éis 1 Eanáir 2015	n/a	+€5m (ó 2015)
MUIREAR TEAGHLAIGH Tabharfar isteach muirear teaghlaigh de €100 in 2012 chun seirbhísí riachtanacha áitiúla a mhaoiniú faoi réir na forála i gClár AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn. Is beart eatramhach an muirear seo a ghnóthóidh timpeall €160m sa bhliain go dtí go ndearfar agus go bhfeidhmeofar chán iomlán maoine a thabharfar isteach in 2014.	+€160m	+€160m
CÁIN AR FHÁLTAIS CHAIPITIÚLA Tá an cháin reatha de 25% á ardú go 30%. Baineann an t-ardú seo le bronntanais nó oidhreachtaí a fhaightear tar éis 6 Nollaig 2011. Tá an tairseach reatha saor ó cháin i leith Grúpa A á laghdú ó €332,084 go €250,000 (ó dheich n-uaire go 7.5 uaire thairseach Grúpa B). Baineann an laghdú seo le bronntanais nó oidhreachtaí a fhaightear tar éis	+€51	+€76m

6 Nollaig 2011		
CÁIN AR GHNÓTHACHAIN CHAIPITIÚLA Tá an ráta reatha de 25% á mhéadú go 30%. Baineann an méadú seo le diúscairtí tar éis 6 Nollaig 2011. Tá faoiseamh nua dreasachta ó CGC á thabhairt isteach i leith an chéad seacht mbliana d'úinéireacht maoine a cheannaítear idir oiche an Bhuiséid agus deireadh 2013, sa chás go gcoinnítear an mhaoin ar feadh breis agus seacht mbliana. Nuair a choinnítear an mhaoin seo níos faide ná seacht mbliana, ní gearrfar CGC ar na gnóthachain a fabhraíodh sa tréimhse sin. Beidh éifeacht leis an mbeart seo ó mheánoíche 6 Nollaig 2011.	+€81m -	+€83m -
LIÚNTAIS CHAIPITIÚLA AGUS SCÉIMEANNA DREASACHTA CÁNACH **Giniúint Fuinnimh In-Athnuachanna** Tá síneadh ama ó 31 Nollaig 2011 go 31 Nollaig 2014 á thabhairt don tréimhse cáilíochta i leith na scéime um fhaoiseamh cánach d'infheistíocht chorporáideach i dtionscadail fuinnimh in-athnuachanna áirithe. Is é aidhm na scéime, infheistíocht a spreagadh i dtionscadail fuinnimh in-athnuachanna agus méadú sa chumas giniúna leictreachais, a éascú nuair a úsáidtear na foinsí seo. Le bheith i dteideal faoisimh ní mór don tionscadal fuinnimh a bheith ceadaithe ag an Aire Cumarsáide, Fuinnmh agus Acmhainní Nádúrtha agus a bheith i gceann amháin de na catagóirí seo a leanas: • Teicneolaíocht Ghréine • Teicneolaíocht Ghaoithe • Hidri-theicneolaíocht (ar a bhfuil fuinneamh aigéin, toinne nó taoide) • Teicneolaíocht Bithmhaise	-€1m	-€1m
CÁIN AR CHOIGILTIS **Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce agus Cáin Scoir ar Pholasaithe Árachais Saoil agus Cistí Infheistíochta** Tá méadú de 3% á chur ar an ráta cánach coinneála a	+€35m	+€50m

bhaineann le hús cuntas taisce, mar aon leis na rátaí cánach scoir a bhaineann le Polasaithe Árachais Saoil agus le Cistí Infheistíochta. Dá thoradh seo beidh 30% i gcás íocaíochtaí bliantúla nó níos minicí agus 33% i gcás íocaíochta a dhéantar níos annaimhe ná uair sa bhliain. Beidh éifeacht leis na rátaí méadaithe i gcás íocaíochtaí a dhéanfar ar nó tar éis 1 Eanáir 2012, agus íocaíochtaí mheasta san áireamh		
TOBACH SAINCHÓNAITHE Tá deireadh á chur leis an gcoinníoll "saoránachta" i leith íocaíochta an tobhaigh. Leathnóidh seo bonn an tobhaigh agus beidh sé níos deacra é a sheachaint. Foilseofar na leasaithe atá molta ar an gcóras reatha a bhaineann le neamhchónaithigh go luath in 2012. Lorgófar comhairliúchán poiblí d'fhonn réamh eolas a sholáthar i leith athruithe eile in 2013.	n/a	n/a
FORFHEIDHMIÚ / COMHLÍONADH Le blianta beaga anuas lorgaigh agus fuair na Coimisinéirí Ioncaim méadú ar a gcumas chun eolas a fháil ar íocaíochtaí atá déanta ag comhlachtaí Rialtais agus eile le treas páirtithe. Anuas air sin, tá uasghrádú agus leathnú déanta maidir leis an réimse eolais a fhaigheann siad ón Roinn Coimirce Sóisialaí. De bharr an chomhlionadh breise ó na foinsí eolais seo, atá nua agus cumasaithe, is féidir leis na Coimisinéirí barr feabhais a chur ar a gcóras bailiúcháin.	+€45m	+€55m
CBL **Méadú sa Ráta Caighdeánach CBL ó 21 faoin gcéad go 23 faoin gcéad** Méadófar an ráta caighdeánach CBL de 2 faoin gcéad ó 21% go 23% le héifeacht ó 1 Eanáir 2012. Bainfidh an t-árdú seo le hearraí agus le seirbhísí atá faoi réir CBL de 21 faoin gcéad. **Laghdú sa ráta CBL ar théamh ceantair ó 21 faoin gcéad go 13.5 faoi gcéad** Laghdófar an ráta CBL a bhaineann le téamh ceantair ó 21% go 13.5% sa Bhille Airgeadais, tar éis comhairliúcháin le Coimisiún an AE. Dá thoradh seo beidh téamh ceantair ar comhchéim le formhór na soláthairtí fuinnimh atá faoi réir 13.5%. Cuireann an beart seo le héifeacht fuinnimh agus soláthraíonn sé	+€560m - -	+€670m - -

laghduithe costais i gcúrsaí gnó. **Ráta Laghduithe de 9% le bheith ar Chead Isteach ar Fheirmeacha Oscailte** De bharr athruithe ag leibhéal an AE gearrfar CBL ar chead isteach ar fheirmeacha oscailte ó 1 Eanáir 2012. I gcomhréir leis an laghdú CBL le déanaí, maidir le tionscal na turasóireachta, gearrfar CBL ar ráta laghduithe de 9% ar an gcead isteach ar fheirmeacha oscailte.	-	-
MÁIL **Cáin ar Tháirgí Tobac** Le héifeacht ó mheánoíche 6 Nollaig 2011 méadófar an dleacht máil ar bhosca 20 toitín de 25 ceint (CBL san áireamh) le méadú pro-rata ar tháirgí eile tobac. **Cáin Charbóin** Méadófar an cháin charbóin de €5 go €20 an tona ar bhreoslaí iontaise. Le héifeacht ó mheánoíche 6 Nollaig 2011 bainfidh an méadú le peitreal, agus mótar-dhíseal; agus ó 1 Bealtaine 2012 le Ceirisín, Ola Mharcáilte Gáis, Gas Leachtach Peitriliam, Ola Bhreosla agus Gas Nádúrtha. Féach Aguisín B thíos **Dleacht Ghealltóireachta** Tá dréachtú an Bhille Gealltóireachta go mór chun cinn, agus táthar ag súil leis an dréacht deiridh ó Oifig an Ard Aighne go luath san Athbhliain. Déanfaidh an Bille inter alia an síneadh ar an dleacht de 1% chuig cian ghealltóireacht a éascú maraon le dleacht ar idirghníomhairí gealltóireachta (Cáin Oll-bhrabúis de 15%) a thionscnamh chun malartaithe gealltóireachta a riarú. Tar éis an Bhille a fhoilsiú tá foráil ann Coimisiún an AE a chur ar an eolas, trí mhí roimh achtú an Bhille. Tá sé i gceist go dtosnóidh an réim nua cánachais ón dara ráithe de 2012. **Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF) agus Cáin Mhótair – Comharliúcháin Poiblí** Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar na bandaí CO2 agus ar structúir na rataí reatha ag teacht leis an dul chun cinn teicneolaíochta i mótair fheithiclí. Déanfar comhairliúchán poiblí maidir leis seo d'fhonn na bandaí a choigeartú le héifeacht ó spriocdháta 1 Eanáir 2013. Fáilteofar roimh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara faoi 1 Márta 2012. Tugtar breis eolais in Aguisín C agus ar	+€41m +€80m +€10 -	+€41m +€109m +€20m -

shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais, www.finance.gov.ie **Cáin Mhótair** Tiocfaidh méadú i bhfeidhm ar na rátaí de cháin mhótair i chuile réimse le héifeacht ó 1 Eanáir 2012. Tá mion-eolas in Aguisín C.	+€46.5m	+€46.5m
CÁIN CHORPARÁIDE **Faoiseamh Cánach 3 Bliana le haghaidh Cuideachtaí Nuathionscanta** Tá an scéim a sholáthraíonn faoiseamh ó cháin chorparáideach ar an ioncam trádála agus ar ghóthachain airithe i leith úr-chuideachtaí nuathionscanta sa chéad 3 bliana trádála, á leathnú d'fhonn cuideachtaí tionscantacha a thosaíonn ar nua-thrádáil in 2012, 2013 nó 2014 a chuimsiú. **Creidmheas Cánach T&F** Tá roinnt athruithe á dhéanamh ar an scéim creidmheasa cánach T&F mar a leanas: **Bonn Méide** Bainfidh an chéad €100,000 de chaiteachas T&F atá incháilithe, tairbhe as an gcreidmheas cánach T&F de 25% ar bhonn méide. Bainfidh an creidmheas cánach fós le caiteachas breisíoch T&F atá os cionn €100,000 i gcomparáid leis an gcaiteachas den chineál céanna sa bhliain bhunaidh 2003. Soláthróidh seo sprioc-leas do Ghnóthais Bheaga agus Mheánacha (GBM) **Teorainneacha Seachfhoinsithe** I láthair na huaire tá costais T&F atá ar fo-chonradh i dteideal nuair nach sáraíonn siad 10% de na costais iomlána nó 5% i gcás fo-chonarthaí le hinstitiúidí tríú leibhéal. D'fhéadfadh an teorainn seo tionchar as cuimse a fheidhmiú ar chuideachtaí beaga ar mó a riachtanas obair T&F a sheachfhoinsiú ná cuideachtaí móra ilnáisiúnta le móracmhainní inmheánacha. Tá na teorainneacha seachfhoinsithe ar chostais T&F ar fho-chonradh á méadú go pé acu is airde 5% nó 10% de réir mar is cuí nó go €100k. Soláthróidh seo sprioc-leas do Ghnóthais Bheaga agus Mheánacha. **Creidmheas a úsáid d'fhonn cúiteamh a dhéanamh le fostaithe T&F** Beidh rogha ag cuideachtaí atá ag fáil creidmheasa T&F codán den chreidmheas sin a usáid d'fhonn	- -€2m -€2m	-€5m -€2.25m -€2.5m

cúiteamh a dhéanamh le fostaithe a bhí gníomhach i bhforbairt T&F. Ní shamhlaítear go mbeadh aon bhreis chostais ar an Státchiste toisc go dtagann an bónas ón gcreidmheas T&F ag an gcuideachta cheanna, agus go n-íocann an fostaí an dliteanas iomlán cánach ar a n-ioncaim eile. Déanfar géar-mhonatóireacht ar an athrú seo, agus cealófar é i gcás mí-úsáide.	-	-
PINSIN **Cistí Scortha Ceadaithe** Tá méadú ó 5% go 6% ar an dáileadh a leagtar ar luach na sócmhainní i gCiste Scortha Ceadaithe (CSC) ar 31 Nollaig gach bliain. Maidir le CSC a bhfuil luachanna sócmhainne níos airde ná €2m acu (i gcás go bhfuil níos mó ná CSC amháin ag duine aonair gur mó luach comhiomlán na sócmhainní sa CSC sin ná €2m). Bainfidh an méadú seo le luachanna sócmhainne CSC ábhartha ar an 31 Nollaig 2012 agus as seo amach.	-	+€1.5m
Tá aistriú sócmhainní CSC ar bhás úinéara CSC chuig leanbh an úinéara os cionn 21 bliain d'aois, faoi réir dliteanas deiridh cánach atá comhionann leis an ráta caighdeánach de cháin ioncaim atá i bhfeidhm nuair a dhéantar an dáileadh sin (20% faoi láthair). Tá sé beartaithe ráta cánach níos airde de 30% a ghearradh ar an dliteanas deiridh i gcás aistrithe den chineál seo. Foilseófar na mion-sonraí sa Bhille Airgeadais.	+€0.1m	+€0.1m
Cuntais Coigiltis Pearsanta Scortha (CCPS) Is ionann CCPS "dílsithe" agus CCPS óna bhfuil sochar scortha á thógáil, i bhfoirm cnapshuim scortha "saor ó cháin" de ghnáth. Na forálacha dáilte bliaintiúla a bhaineann le CSC, bainfidh siad chomh maith le CCPS "dílsithe" nuair a coinnítear na sócmhainní sa CCPS sin seachas iad a aistriú chuig CSC. Coimseofar anseo dáileadh méadaithe measta céatadánach de 6% i gcás CCPS dílsithe le sócmhainní níos mó ná €2m. I gcás go bhfuil níos mó ná CCPS amháin ag duine aonair, feidhmeófar dáileadh measta comhiomlán na sócmhainní i CCPS an duine aonair, ach aon cheann amháin acu a bheith dílsithe. Bainfidh an méadú seo maidir le luachanna sócmhainní in CCPS ábartha ag 31 Nollaig 2012 agus as seo amach. Foilseofar mion-sonraí sa Bhille Airgeadais.	-	+€3m

ÁSPC an Fhostóra ar ranníocaíochtaí Pinsin Tá an faoiseamh de 50% ar ÁSPC an fhostóra i leith ranníocaíochtaí fostaí le scéimeanna pinsin ceirde agus le socruithe eile pinsin á chealú le héifeacht ó 1 Eanáir 2012. Cuirfear feidhm reachtach leis an athrú seo sa Bhille Leasa Shóisialaí.	+€57m	+€90m
CÁNACHAS FEIRMEORA **Faoiseamh Stoic i leith Comhpháirtíochtaí Cláraithe Feirme** Tabharfar isteach faoiseamh stoic breisithe de 50% (100% d'fheirmeóirí óga áirithe traenáilte) faoi réir glanadh an AE faoi rialacha Cúnamh Stáit. Leanfaidh seo go dtí 31 Nollaig 2015. **Bearta d'fhonn aistrithe tráthúla feirme a spreagadh** Coinneofar faoiseamh iomlán scoir ó CGC i gcás daoine aonair in aois 55 go 66 nuair a cuirtear an t-aistriú de láimh laistigh den chlann. Tabharfar isteach uasmhéid de €3m ar fhaoiseamh scoir i gcás sócmhainní gnó agus feirmeoireachta a chuirtear de láimh laistigh den chlann sa chás go bhfuil na daoine aonair atá ag aistriú na sócmhainní os cionn 66 bliana d'aois. Spreagfaidh sé seo luath-aistriú feirme. (Baineann an méid neamh-theoranta reatha le treimhse eatramhach de 2 bhliain i gcás daoine atá in aois 66 bliain i láthair na huaire, nó a shroichfidh an aois sin roimh 31 Nollaig 2013.) Coinneofar an t-uasmhéid reatha de €750,000 i leith sócmhainní a aistrítear taobh amuigh den chlann i gcás daoine aonair atá idir 55 agus 66 bliana d'aois. Laghdófar ó €750,000 go €500,000 an t-uasmhéid faoisimh scoir i leith sócmhainní gnó agus feirmeoireachta nuair is aistriú taobh amuigh den chlann atá i gceist i gcás daoine aonair os cionn 66 bliain d'aois. (Baineann an t-uasmhéid reatha de €750,000 le tréimhse eatramhach de dhá bhliain i gcás daoine aonair in aois 66 bliain nó a shroichfidh an aois sin roimh 31 Nollaig 2013.) Leagfar amach mion-sonraí na mbearta seo sa Bhille Airgeadais	-€3m - - -	-€5m - -

Síneadh ar an Ordú Aisíoctha reatha CBL i gcás feirmeoirí ar ráta comhréidh Cuimseoidh an síneadh seo aisíoc ar cheannacháin tuirbíní gaoithe. Leasófar an tOrdú Aisíoctha reatha CBL a dhéanann réiteach faoi choinne CBL a aisíoc le feirmeoirí neamh-chláraithe maidir le tógáil foirgnimh feirme, fálú, draenáil agus míntírú talaimh feirme, ionas gur féidir leis na feirmeoirí sin aisíoc a éileamh ar thuirbíní gaoithe a cheannófar ó 1 Eanáir 2012. Is cuid de shraith bearta é seo atá dírithe ar an bpobal feirmeoireachta d'fhonn cabhrú agus tacú leo.	-€1m	-€1m

Mir II – Bearta Measacháin le tabhairt isteach in 2012

Beart	Teacht Isteach/Costas 2012	Teacht Isteach/Costas Bliain Iomlán
AN ROINN COIMIRCE SÓISIALAÍ		
Sochar Linbh Teidlíochtaí ar ardrátaí don tríú leanbh agus os a chionn a chealú thar thréimhse dhá bhliain. Deireadh a chur le deontais-aon-uaire maidir le hilbhreitheanna	+€44.7m	+€70.7m
Liúntas Éadaí agus Bróg ar ais ar scoil Ardaigh aois cháilithe linbh ó 2 go 4. Laghdaigh rátaí íocaíochta ó €305 to €250 agus ó €200 go €150	+€26.3m	+€26.3m
Méaduithe Linbh Cháilithe I gcás éilitheoirí nua ar árachas sóisialach, caighdeánaigh an teidlíocht ar bhonn méadú leath-ráta linbh do leanbh cáilithe nuair atá ioncaim níos mó ná €400 sa tseachtain ag céile/pairtnéir	+€0.4m	+€8m
Sochar Lorgóra Oibre Teidlíocht bunaithe ar sheachtain 5 lá seachas seachtain sé lá, nuair a oibríonn duine ar feadh cuid den tseachtain. Ó 2013 cuir fostaíocht ar an Dómhnach san áireamh nuair a cinntítear leibhéal na teidlíochta.	+€5.9m	+€27.6m
Cúnamh Feirme Leasaithe ar thástáil acmhainne.	+€5.2m	+€5.2m
Liúntas Míchumais Ardaigh aois na teidlíochta i gcás éilitheoirí nua go 18, ag teacht le híocaíochtaí leasa shóisialaigh eile. Ailinígh ráta íoctha d'éilitheoirí nua in aois 18 go 24 leis na rátaí sa Scéim Lorgóirí Oibre – rátaí nua de €100 do dhaoine 18 go 21 bliana d'aois go huile agus de €144 do dhaoine 22 go 24 bliana d'aois go huile. Mar beart cuitimh, sínfear an liúntas um chúram baile do dhaoine 16 agus 17 bliana d'aois.	+€7m	+€46.6m

Sochar do chaoine faoi mhíthreor Do éilitheoirí nua, cealaigh an teidlíocht ar shocar míthreorach nuair a rangaítear leibhéal na míthreorach níos lú ná 15%.	+€2.6m	+€5m
Íocaíocht do Theaghlach Aon Tuismitheora Srianófar an teidlíocht do chásanna mar a bhfuil an leanbh is óige seacht mbliana d'aois thar an tréimhse go dtí 2014. I gcás éilitheoirí nua agus reatha, cealaigh teidlíocht an mhéadaithe do bheirt leanbh cháilithe (€29.80 sa tseachtain faoi láthair) nuair atá an faighteoir ar Scéim Fostaíochta Phobail chomh maith. I gcás éilitheoirí nua agus reatha, laghdaigh thar thréimhse cúig bhliana an neamhaird ar thuillimh ó €146.50 go €60 sa tseachtain, agus cuir deireadh leis an íocaíocht eatramhach nuair atá an t-ioncam níos mó ná €425 sa tseachtaine.	+€20.7m	+€112.2m
Scéim Iomarcaíochta agus Docmhainneachta Laghdaigh lacáiste fostóra ó 60% go 15%.	+€81m	+€104m
Forlíonadh Cíosa Méadaigh íos-rannaíocaíocht agus athbhreithnigh teorainneacha cíosa.	+€55m	+€55m
Forlíonadh Úis Mhorgáiste Méadaigh íos-rannaíocaíocht agus srianaigh caiteachas feasta.	+€22.5m	+€22.5m
Liúntas Breosla Laghdaigh an séasúr breosla de 6 seachtaine ó 32 go 26 i leith faighteoirí nua agus reatha.	+€51m	+€51m
Scéimeanna Fostaíochta Pobail, Liúntas Ar Ais chuig Oideachas agus Tionscnaimh Jabanna Laghdaigh traenáil agus ábhair ó €1,500 go €500 an duine sa bhliain, agus bain coigiltis amach ó chostais maoirseoireachta ar scéimeanna Fostaíochta Pobail. Laghdaigh go €300 costas bliantúil an liúntais oideachais. Laghdaigh liúntas ábhair, agus cuir deireadh le híocaíocht an bhuiséid traenála do rannpháirtithe ar Scéimeanna Tionscnaimh Jabanna na Roinne.	+€35.9m	+€35.9m

Sochar Teaghlaigh Laghdaigh an caiteachas ar liúntas leictreachais/gáis.	+€15m	+€15m
Pinsean Stáit I gcás éilitheoirí nua, soláthraigh ráta nua-íocaíochta de Phinsin Stáit nuair is lú ná 48 ranníocaíochtaí (ó Mheán Fómhair 2012) meánlíon bliantúil na ranníocaíochtaí agus na gcreidmheasanna. Méadaigh íoslíon na ranníocaíochtaí is gá chun cáiliú le haghaidh Pinsin Baintrí (Fir) Ranníocaigh ó 156 go 520 in Iúil 2013.	+€0.5m	+€45.3m
Íocaíochtaí Comhreatha I gcás éilitheoirí áirithe nua, cuir deireadh le teidlíocht comhreatha i gcás Sochar Lorgóra Oibre nó Sochar Breoiteachta do íocaíocht ar bhonn leath-ráta breise. Thar thréimhse trí bliana cuir deireadh le teidlíocht ar íocaíocht Fostaíochta Pobail agus ar aon íocaíocht eile ón Roinn Coimirce Sóisialaí.	+€21.8m	+€84.8m
Éilimh Dhéanacha Laghdaigh siar-dhátú reachtach le haghaidh éilimh dhéanacha ó 12 go 6 mhí i leith lán-teidlíochta, agus cuir ar neamhní an soláthar comhréireach.	+€18.5m	+€27.2m
Bearta Calaoise agus Smachta Treisigh gníomhaíocht um chalaois agus smacht.	+€41m	+€41m
Bearta Eile Laghdaithe ag eirí as an mbuiséad riaracháin; cuíchóiríu ar thástáil acmhainní; sochar cóireála, agus bearta ilghnéitheacha eile.	+€20m	+€27.5m
Iomlán	***+€475m***	***+€811m***
AN ROINN SLÁINTE		
Creatlach um Smacht Fostaíochta/Pá-Chostas a Shrianadh Laghdú ar leibhéil fostaíochta sa tseirbhís sláinte. Laghdú ar mhéid an chaiteachais ar fhoireann gníomhaireachta, ragobair agus íocaíochtaí préimhe, agus bearta eile chomh maith chun pá-chostais a laghdú.	+€145m	+€219m
Soláthar Lean ar aghaidh ag díriú ar laghduithe a bhaint amach i gcostas agus i méid na n-earraí agus na seirbhísí a	+€50m	+€50m

fhaigheann na seirbhísí sláinte.		
Scéim Aisíocaíochta Fhadtéarmach Tá an scéim ag teacht chun deiridh.	+€11m	+€11m
Méadú ar Thairgeadh agus ar Bhailiuchán Ioncaim Phríobháidigh Mar a fógraíodh anuraidh, beidh méadú breise ar na táillí ar leapacha príobháideacha in ospidéil phoiblí, i gcomhréir leis an modh-eolaíocht a moladh in athbhreithniú na Roinne dar teideal *"2010 Value for Money & Policy Review of the Economic Cost and Charges Associated with Private and Semi-Private Treatment Services in Public Hospitals"*. Tabharfar reachtaíocht isteach chun deireadh a chur leis an gcóras reatha um leapacha príobháideacha/ poiblí sannaithe, agus chun ligean d'ospidéil táillí a ardú i dtaca le hothair príobháideacha uile. Soláthrófar sochair ó shreabhadh airgid in 2012 agus 2013 ar bhonn aon uaire, de bharr riaráistí maidir le héilimh ar ioncaim árachais shláinte phríobháideach atá amuigh, a ghlanadh.	+€143m	+€268m
Scéimeanna a Spreagtar de bharr Éilimh Bearta atá tógtha cheana chun coigiltis a sholáthar in 2012, e.g. laghduithe ar phraghas drugaí aicmeacha agus laghduithe i dtáillí a íoctar le dochtúirí teaghlaigh agus le cógasóirí pobail faoi reactaíocht FEMPI. Tiocfaidh coigiltis ó reachtaíocht atá le teacht um praghsáil tagartha i gcás míochainí idir-mhalartacha. Beidh tuilleadh scóip chun díriú ar bhearta ionracais ach go háirithe, i leith éileamh ar chógasaíocht, ar fhiaclóireacht agus ar éilimh ó dhoctúirí teaghlaigh lasmuigh de uaireanta oibre. Fiosraigh an scóip chun laghduithe substaintiúla ar phraghsanna drugaí atá cosanta ag paitinn nuair a chríochnaíonn an comhaontú reatha leis na cuideachtaí cógasaíochtaí (IPHA) i Márta 2012 (tá costas ar dhrugaí paitinne in Éirinn níos airde ná meánchostas drugaí san AE). Tá sé beartaithe an tairseach sa Scéim Íocaíochtaí Drugaí a mhéadú de €12 in 2012 ó €120 go €132 sa mhí.	+€124m	+€219m

Éifeachtúlachtaí Seirbhíse Le cois na mbearta thuasluaite tá spriocanna éifeachtúlachta leagtha amach do sheirbhísí míchumais, meabhairshláinte agus cúram leanaí.	+€50m	+€50m
Coigiltis ar Vóta na Roinne Sláinte Laghduithe i mBuiséad Riaracháin na Roinne agus i leith dháiltí do ghníomhaireachtaí atá maoinithe ag an Roinn chomh maith le coigiltis i bhfomhírchinn eile laistigh de Vóta 39	+€20m	+€20m
Iomlán	***€543m***	***€797m***
AN ROINN OIDEACHAIS & SCILEANNA		
Scoileanna (Líon Múinteoirí) Scoileanna iar-bhunscoile chun an soláthar treorach a bhainistiú laistigh dá leithdháileadh de 19:1 ina gCoibhneas Dalta/Múinteoir féin (CDM) ó 2012/2013. Méadú aon-phointe sa CDM i gcás scoileanna iar-bhunscoile a ghearrann táillí ó 2012/2013 ó 20:1 go 21:1. Coigeartaithe céimneacha ó 2012/2013 ar sceidil foirne i mbunscoileanna le múinteoir amháin, nó beirt, triúr agus ceathrar, trí íoslíon na ndaltaí is gá chun poist mhúinteoireachta a leithdháileadh a ardú. Tacaíochtaí a tharraingt siar ó 2012 i roinnt scoileanna ar bhonn ceimneach as cláir/scéimeanna a bhí ann níos túisce míchumais roimh dháta scéim reatha DEIS (Deiseanna Comhionanna a Sholáthar i Scoileanna).	+€19.4m	+€75.9m
Scoileanna (Maoiniú) Laghdú Ginearálta i ndeontais chaipitíochta de 2% in 2012 agus 2013 araon agus 1% breise in 2014 agus 2015 araon. Scéim Maoirseoireachta/Ionadaíochta – laghdú ar an táille riaracháin iníoctha le scoileanna ó 5% go 2% ó 2012. Tionscnamh na Nua-Theangacha i mBunscoileanna a dhíothú ó 2012.	+€11m	+€24.6m
Scileanna, Oideachas Breise & Aosach Laghdú ar dheontais chaipitíochta thar réimse de	+€3.7m	+€11.1m

chursaí oideachais breise agus aosach (e.g. Teastas Iar-Ardteiste, Scéim um Dheiseanna Traenála Gairme, Youthreach, Tionscnaimh Ar ais chun Oideachais, Litearthacht Aosach), de 2% in 2012 agus 2013 araon, agus de 1% breise in 2014 agus 2015 araon. Laghdú go €40 ar liúntais íoctha le hogánaigh in aois 16-17 bliana ar chúrsaí Youthreach, Ionaid Oiliúna Pobail agus FÁS ó 2012.		
Ard-Oideachas Laghdú de 2% sa bhunmhaoiniú do chomhlachtaí Ard-Oideachais in 2012 agus 2013 araon, agus laghdú de 1% breise in 2014 agus 2015 araon, le hais coigeartú i méadú sa ranníocaíocht do mhic léinn. Críoc le clár Taighde na hEarnála Teicneólaíochta.	+€24.6m	+€70m
Tacaíocht agus Rochtain do Mhic Léinn Leasaigh córas na nDeontas don léann iar-chéime trí tháillí amháin a íoc (gan deontas cothaithe), le haghaidh mic léinn ar ráta speisialta agus trí dheontas de €2,000 i leith táille a sholáthar do 4,000 mac léinn breise. Baineann na bearta seo le hiontrálaithe nua amháin ó 2012. Ní bhainfidh siad le sealbhóirí reatha deontas. Laghdú de 3% i ráta an deontais cothabhála ó 2012. Ó 2013 triail um acmhainni caipitil a thabhairt isteach. Laghdú de 20% ar an leithdháileadh do Mhic Léinn le Míchumas (éileamh-spreagtha)	+€15.4m	€77.6m
Coigiltis Eile Réimse de choigiltis eile ar chláir éagsúla ar a bhfuil coigiltis de thoradh bearta polasaí níos luaithe, coigiltis ó mhion-choigeartuithe polasaí éifeachtúlachtaí riaracháin, athbhreithniú ar liúntais, coigiltis ó chuíchóiriú Structúir an Cheard-Oideachais, trí laghdú sa mhór-iomlán ó 33 go 16.	+€39.3m	+€37.6m
Mórbhearta chun Ioncam a Mhéadú		
Iompar Scoile Dúblaigh an buntáille ó €50 go €100. Dúblaigh an uas-bhuníocaíocht teaghlaigh go €220.	-€0.4m	-€1m

Cothramaigh an buntáille i leith mic léinn lamháilte ó €200 go €100.		
Ard Oideachas In 2012 méadaigh de €250 ar an rannaíocaíocht reatha de €2,000 ó mhic léinn. Athbhreithnigh an dul chun cinn maidir le n-aisghabháil costais san earnáil tríú leibhéal ag teacht le tiomantais an AE/CAI	-€18.5m	-€18.5m
Iomlán	***+€132.3m***	***+€316.3m***
AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA		
Scéim um Limistéir faoi Mhíbhuntáiste Laghdú a fheidhmiú trí athruithe a dhéanamh sa teidlíocht agus sna critéir cháilíochta. Tá na leasuithe atá beartaithe faoi réir cheadú an Choimisiúin Eorpaigh.	+€30m	+€30m
ERAD, Díothú Galar Coigiltis de bharr laghdú measta i minic galair agus athruithe feidhmíochta.	+€10m	+€10m
REPs Laghdú a fheidhmiú, tri athruithe in íocaíocht costas idirbheartaíochta, le rannpháirtithe scéime. Tá na leasuithe atá beartaithe faoi réir cheadú an Choimisiúin.	+€19m	+€19m
Bearta eile Bearta éifeachtúlachta agus deontais-i-gcabhair do laghdaithe Chomhlachtaí Stát-urraithe Neamh-Thráchtála (CSNT)	+€18m	+€18m
Coigilits ilghnéitheacha ar an Vóta	+€28m	+€28m
Iomlán	***+€105m***	***+€105m***

Mórbhearta Ioncaim ó Sheirbhísí **Comhlachtaí Stáit Tráchtála** Tá an Roinn réamh-ghníomhach trí comhaontú a fháil le Coillte chun díbhinn de €10m a íoc leis an Stát i mbliana. Ní mór don Rialtas féidearthachtaí eile a mheas maidir leis an ról a bheidh ag na Comhlachtaí seo sa todhchaí.		
AN ROINN LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE **Fóirdheontas um Chúram Leanaí Pobail (FCP)** **Tacaíocht um Chúram Leanaí, Oideachas agus Oiliúint (TCCOO)** Laghduigh an t-ardráta fóirdheontais de 5% Ranníocaíocht sheachtainiúil de €25 ó oiliúnaithe FÁS agus na gCoistí Gairm Oideachais (CGO) a thabhairt isteach.	+€1.6m	+€1.6m
PEIP/Caifé d'Ógánaigh/Coistí do Sheirbhísí Linbh (CSL) Maoinigh ón gclúdach caipitil reatha. Tionscnaimh phíolótacha a thabhairt chun críche. Laghduigh de 5% ar leithdháileadh do CSL.	+€2.8m	+€2.8m
Staidéar Fadaimseartha Laghdú ar líon na gceangaltas conartha.	+€4.4m	+€4.4m
Cláracha Eile Taighde agus Óige Laghdaigh, i dtaca le hathbhreithniú chun éifeachtúlacht agus éifeacht treisithe a bhaint amach	+€3.5m	+€3.5m
Clár Críocnaithe Scoile Laghdaigh, i dtaca le hathbhreithniú chun éifeachtúlacht agus éifeacht treisithe a bhaint amach	+€2m	+€2m

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh (GTT), **Ionaid Acmhainní, Seirbhísí Idirghabhála agus Deontais Chomhairliúcháin** Leithdháileadh laghduithe thar réimsí éagsúla.	+€2.3m	+€2.3m
Iomlán	***+€16.5m***	***+€16.5m***
AN ROINN COSANTA Glan-laghduithe i bpearsanra Eagraíochta Cosanta agus laghduithe neamh-phá.	+€17m	+€17m
Iomlán	***+€17m***	***+€17m***
AN ROINN COMHSHAOIL, POBAIL AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL **Comhshaol** Sásaigh costais neamhphá EPA agus RPII agus íocaíochtaí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta as an gCiste Comhshaoil	+€9m	+€9m
Pobail/Forbairt Tuaithe Laghdaigh an soláthar don Chlár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail	+€8m	+€8m
Tithíocht Laghdaigh forálacha um léasú, toisc luach breise ar airgead a bheith ar fáil sa mhargadh, agus daingnigh éifeachtúlachtaí trí athleagan a dhéanamh ar sheacadadh seirbhísí tithíochta. Soláthraigh €10m breise d'fhonn aistrithe chuig an Scéim um Chóiríocht ar Cios a cheadú.	+€7m	+€7m
Buiséad Riaracháin Laghdaigh líon foirne de bharr an ECF. Bain amach laghdú ar chostais riaracháin neamh-phá trí éifeachtúlachtaí méadaithe.	+€4m	+€4m
Pleanáil Laghdaigh costais um fheidhmiú Bhinse Mahon.	+€2.5m	€2.5m

Ilghnéitheach Coigiltis eile i réimsí amhail na Cuntais Díomhaoine, Cláir PEACE and RAPID	+€3.5	+€3.5
Iomlán	***+€34m***	***+€34m***
AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA		
Laghdaigh Buiséad an Chomhair um Fhorbairt Laghdaigh ranníocaíocht na hÉireann dá clár cúnaimh déthaobhach. Dá thoradh seo, beidh mion-laghdú i gcoibhneas CFTL/OTI ón leibéal measta de 0.52% in 2011.	+€52.9m	+€53.3m
Éifeachtúlachtaí agus Bearta Eile Laghduithe i líon na misean agus díriú ar thacaíochtaí do eisimircí Éireannacha, agus ar chistí athmhuintearais agus frith-sheicteacha.	+€2.1m	+€2.7m
Iomlán	***+€55m***	***+€56***
AN ROINN POST, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA		
An Roinn agus a Gníomhaireachtaí: Éifeachtúlachtaí Riaracháin/Cuíchóiriú Éifeachtúlachtaí agus athruithe ar phróisis ghnó. Comhlachtaí de chuid an Stáit a shruthlíoniú um chearta fostaíochta	+€3.7m	+€10.2m
Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht Leanfaidh an Roinn dá tréan-infheistíocht i réimhse na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta. Mar sin féin, beidh coigiltis ar chaiteachas reatha le fáil trí thionscadail agus trí thionscnaimh a phríorachtú.	+€1.4m	+€8.8m
Iomlán	***+€5.1m***	***+€19m***

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT & COMHIONNAIS		
An Garda Síochána Coigiltis phárolla agus phinsean ar a bhfuil ragobair, taisteal agus cothú agus buiséad cothabhála i leith stáisiúin an Gharda. Comhchruinniú acmhainni ins na hard-réimsí príorachta. Obair thacaíochta an Gharda Síochána á dhéanamh ag foireann sibhialtach agus Cúlfhoireann an Gharda. Feidhmigh Clár Leasaithe agus bearta eile chun costais a laghdú	+€79m	+€79m
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionnais Maoiniú laghduithe ag comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Roinn. Tríd is tríd, bhí sé indéanta an maoiniú atá ar fáil don Bhiúró Acmhainni Coiriúla agus don tSaotharlann Fhoiréinseach Eolaíochta a choinneáil. Is den riachtanas é a gcuid oibre siúd in aghaidh na coiriúlachta eagraithe agus tromchoireanna eile. Faoin gClár Leasaithe, tá roinnt féidearthachtaí á gcur ar aghaidh. Dá thoradh seo, laghdófar costais agus soláthrófar éifeachtúlachtaí breise i réimsí éagsúla.	+€12m	+€12m
Príosúin Le linn tréimhse níos fearr airgeadais rinneadh an-dul chun cinn sa Chlár um Athrú sa tSeirbhís Phríosúin. Dá thoradh sin, le blianta beaga anuas, bhí an córas in ann méadú de 30% i líon na bPríosúnach a láimhseáil cé go raibh laghdú de 8% sa bhuiséad don tréimhse céanna. Tá tionscnaimh bhreise athchoirithe idir lámha ar a bhfuil athbhreithniú oibre faoin gClár um Athchóiriú, chun na héilimh nua ar an gcóras a láimhseáil ar bhonn na n-acmhainni laghdaithe atá ar fáil	+€1m	+€1m
An tSeirbhís Chúirteanna Coigiltis riaracháin i réimsí éagsúla de thoradh níos mó usáide a bhaint as faisnéis teicneolaíochta chun cuíchóiriú breise a chur ar ionaid chúirte.	+€2.7m	+€2.7m

Ar an leithdháileadh caiteachais reatha don tSeirbhís Chúirteanna áiritear soláthar de bhreis agus €21m le haghaidh íocaíochtaí bhliantúla maidir le compléasc foirgnimh de chuid na gCúirteanna Coiriúla.		
An tÚdarás Clárúcháin Maoine Géar-scrudú ar gach réimse den chaiteachas	+€2.3m	+€2.3m
Leithghabhálacha-i-gCabhair De bharr mholtaí ó phróiseas CRE, tá an-dul chun chin déanta ins na leithdháiltí sprice ar fud na hearnála in 2011. Tá méadú breise de €3m san áireamh do 2012. Ag éirí as roinnt moltaí ó phróiseas an CRE, tá féidearthachtaí eile á meas.	+€3m	+€3m
Iomlán	***+€100m***	***+€100m***
AN ROINN IOMPAIR TURASÓIREACHTA AGUS SPÓIRT		
An tÚdarás Náisiúnta Iompair Laghdaigh an clúdach maoinithe do Chonarthaí na Seirbhíse Poiblí.	+€21m	+€21m
Eitlíocht Laghdaigh maoiniú d'Aerfoirt Réigiúnacha agus do sheirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta.	+€5m	+€5m
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Cuir deireadh le maoiniú don scéim um Fheabhsúchán Áitiúla i leith bóithre neamhphoiblí in 2012. Laghdaigh an caiteachas reatha ar chothabháil do líonra na mbóithre áitiúla agus réigiúnacha.	+€4.5m	+€4.5m
Ceadúnais Feithicle agus Tiomána Tabhair éifeachtúlachtaí nua isteach trí TF (IT) a úsáid.	+€3m	+€3m

Fáilte Éireann Tabhair éifeachtúlachtaí isteach agus cuíchóirigh maoiniú i leith ócáidí/féilte agus seirbhísí cuairteoireachta.	+€3m	+€3m
An Chomhairle Spóirt Laghdaigh an maoiniú i leith eagraíochtaí spóirt agus cláir éagsúla spóirt	+€2m	+€2m
Ciste Margaíochta um Thurasóireacht Laghdaigh an leithdháileadh do chláir mhargaíochta um thurasóireacht.	+€2m	+€2m
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Coigiltis a fháil de bharr éifeachtúlachtaí clár.	+€1.5m	+€1.5m
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta Braithfidh feidearthachtaí coigiltis ar lán-fheidhmiú an chláir dí-scartha nó ar scéim eile bheith ar fáil d'fhonn laghdú i líon foirne a éascu.	+€1m	+€1m
Tionscnamh um Iompar Tuaithe Tacar de bhearta á mheas, d'fhonn éifeachtúlacht clár a fheabhsú.	+€0.9m	+€0.9m
An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid Laghdú i gcostais tacaíochta chorparáideacha.	+€0.8m	+€0.8m
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre Éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach	+€0.3m	+€0.3m
An Coimisiún um Shábháilteacht ar Iarnróid Laghdú ar chaiteachas i leith oiliúna, taillí dlí, TF (IT) comhairleóireacht agus trealaimh oifige agus teicniúil.	+€0.1m	+€0.1m
Iomlán	***+€45m***	***+€45m***

BEARTA EILE **Éifeachtúlachtaí agus Bearta Eile** Bearta éifeachtúlachta in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Oifig na nOibreacha Poiblí agus coigiltis ar tháillí in Oifigí Dlí. Coigiltis ghinearálta sa Roinn Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	+€18.5m	+€25.5m
Iomlán	***+€18.5m***	***+€25.5m***